

Gné 4: Cleachtas Gairmiúil

Gníomhaíocht E, Cuid 1: Féinmhachnamh

Aimsigh am inar féidir leat féinmhachnamh a dhéanamh. Smaoinigh ar thréimhsí ciúine i rith an lae nó am a ghlacadh tar éis do na leanaí dul abhaile chun smaoineamh go tapa ar imeachtaí an lae. B'fhéidir go mbeadh ort athrú a dhéanamh ar an gcaoi a n-eagraíonn tú an sceideal oibre, mar shampla socrú a dhéanamh le comhghleacaí go ndéanfaidh sé/sí an glanadh suas sa tráthnóna chun go mbeidh an t-am sin saor agat, agus go gcúiteoidh tú an gar sin leo gach maidin. Nuair a bheidh sé socraithe le do bhainisteoir, cuir an méid sin in iúl do do chomhghleacaithe, nuair is cuí, agus spreag iad chun an rud céanna a dhéanamh. Gabh ort féin **cúig nóiméad** ar a laghad a chaitheamh ar an bhféinmhachnamh gach lá.

Nuair a bheidh sé sin ar siúl agat ar bhonn rialta, déan iarracht teacht ar **dheiseanna eile** i rith an lae chun machnamh a dhéanamh. Mar shampla, bíodh nótaí greamacha in aice láimhe nó bíodh leabhar nótaí agus peann gar duit chun nótaí a bhreacadh síos ar rudaí a tharlaíonn i rith an lae.

Tabhair faoin ngníomhaíocht seo leat féin roimh í a chomhroinnt le comhghleacaí nó le bainisteoir, nó tabhair fúithi le tacaíocht ó mheantóir.

Aimsigh trí thréimhse fhéideartha le haghaidh machnamh neamhfhoirmiúil.	
1	
2	
3	
Socraigh ar lá, ar thréimhse agus ar fhad sonrach don fhéinmhachnamh. Smaoinigh ar thréimhsí ciúine i rith an lae nó glac am tar éis do na leanaí dul abhaile chun smaoineamh go tapa ar imeachtaí an lae.	
Lá (gach lá más féidir)	
Am	
Fad	

Cén tacaíocht atá uait le cinntiú go ndéanfaidh tú an machnamh gach lá?
Cé a d'fhéadfadh cabhrú leat agus ar cén bealach?

Smaoinigh orthu seo a leanas go hachomair i rith an fhéinmhachnaimh:

- Cad a d'oibrigh go maith inniu?
- Cad a bhí dúshlánach, dar leat? Cén fáth? Conas a mhothaigh tú faoi?
- Ar mhaith leat aon rud a chomhroinnt – le comhghleacaithe, leanbh, tuismitheoir nó bainisteoir?
- Ar mhaith leat aon rud a sheiceáil le leanbh/grúpa leanaí chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt?
- Arbh fhéidir leat rud ar bith a dhéanamh ar bhealach eile nó ar bhealach níos fearr?
- Ar mhaith leat taighde a dhéanamh ar rud ar bith (topaic a bhí luaite ag leanbh, b'fhéidir, nó a ndearna leanbh trácht air)? Conas a dhéanfaidh tú é sin?
- Cén ceangal is féidir a dhéanamh idir eispéiris an lae inniu agus prionsabail *Síolta* agus *Aistear*?

Úsáid na *hUirlisí Féinmheastóireachta* i gColúin an Churaclaim sa Treoir Chleachtais chun cabhrú leis an machnamh.

Comhroinn an fhaisnéis seo le do chomhghleacaithe, nuair is cuí, agus spreag iad chun am machnaimh a ghlacadh.

Gníomhaíocht E, Cuid 2: Machnamh mar fhoireann (is ar bhainisteoirí/cheannairí seomra atá an ghníomhaíocht seo dírithe)

Timpeallachtaí is ea suíomhanna luath-óige ina mbíonn na cleachtóirí ina bhfoghlaimoirí freisin. Bíonn siad ag breathnú ar leanaí, déanann siad machnamh ar a bhfaca siad agus úsáideann siad an machnamh sin chun bonn eolais a chur faoina gcleachtas. Cothaítear an plé gairmiúil leis an machnamh foirne, agus tacaíonn sé le foirne féachaint go grinn ar a gcleachtas agus iniúchadh a dhéanamh air. Ar an ábhar sin, cabhraíonn machnamh agus plé tacúil fiúntach i measc na foirne le cleachtóirí a gcleachtas gairmiúil a fhorbairt.

Cabhraíonn cleachtóirí lena chéile trí chur chuige foireann iomlán a fhorbairt i leith an mhachnaimh ar an gcleachtas ina suíomh féin. Smaoinigh ar dheiseanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla chun machnamh a dhéanamh le do chomhghleacaithe – ní gá gach plé oideolaíoch a dhéanamh timpeall ar bhord. Nithe a thugtar faoi deara, má dhéantar iad a chomhroinnt agus a phlé go ciúin le comhghleacaí, is féidir leo cabhrú go mór chun leanbh a thuiscint

agus tacú leis/léi dul chun cinn a dhéanamh agus leibhéal tuisceana nua a bhaint amach. Bíonn deiseanna machnamh neamhfhoirmiúil ann i rith an lae oibre, mar shampla i rith ullmhúchán na maidine nó sosanna lón roinnte. Mar sin féin, teastaíonn méid áirithe eagrúcháin agus dúthrachta chun machnamh rialta foirmiúil a dhéanamh mar fhoireann.

Aimsigh am rialta chun teacht le chéile leis an bhfoireann, mar shampla tréimhse ghearr in aghaidh na seachtaine nó cruinnithe níos faide uair sa mhí, chun smaointe agus eispéiris a phlé maidir leis an gcleachtas agus le folláine na gcleachtóirí. Ainmnigh duine amháin a chinnteoidh go mbaintear leas éifeachtach as an am – sainaithean tosaíochtaí don chleachtas agus don fhorbairt curaclaim agus glac freagracht as aird daoine a choimeád.

Comhlánaigh an tábla thíos leis an **bhfoireann** chun cabhrú leat machnamh foirmiúil foirne a phleanáil.

Ainmnigh trí thréimhse sa mhí don mhachnamh foirmiúil			
	Lá	Am	Fad
1			
2			
3			

Dáta	1	2	3
Duine freagrach as úsáid éifeachtach an ama			
Dáta	1	2	3
Conas a dhéanfaidh tú, mar bhainisteoir/cheannaire seomra, ceist a roghnú agus clár oibre a phleanáil don chruinniú?			
Dáta	1	2	3
Cén tacaíocht atá de dhíth ort (seachtrach nó inmheánach) ag an gcruinniú? Cé a d'fhéadfadh cabhrú leat agus ar cén bealach?			

Smaoinigh orthu seo a leanas go hachomair i rith an mhachnaimh foirne:

- Tosaíochtaí soiléire a shainaitheint chun díriú ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na leanaí.
- Láidreachtaí a fhorbairt agus réimsí a shainaitheint inar féidir leis an bhfoireann feabhas a chur ar a cuid oibre maidir le tacú le foghlaim agus forbairt leanaí.
- An cleachtas reatha a phlé ar bhealach atá criticiúil, macánta, agus dírithe ar réitigh.
- An Colún *Uirlisí Féinmheastóireachta* agus na gníomhaíochtaí ó Bunchlocha an Churaclaim a úsáid chun tacú leis an machnamh.
- Pleananna gearra scríofa a dhéanamh lena n-áirítear dáta críochnaithe, daoine freagracha, agus dátaí le hathbhreithniú (ag úsáid an Cholúin agus/nó na nUirlisí Pleanáil Gníomhaíochta don Chleachtas Gairmiúil atá sa *Treoir Chleachtais*).
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ag an gcéad chruinniú eile.